


19 Caillteanais cánach corparáide

- 19.1** Dlífear ar chuideachtaí cáin corparáide i leith brabúis a éiríonn as ioncam nó gnóthachain.¹ I gcás ina dtuairiscíonn cuideachta caillteanas trádála i dtréimhse chuntasaíochta, féadfar an caillteanas sin a úsáid chun faoiseamh a fháil ó cháin corparáide a íoc ar bhealaí éagsúla (féach Fíor 19.1). Go ginearálta is féidir caillteanais trádála a thabhairt ar aghaidh agus iad a fhritháireamh in aghaidh ioncain ón dtrádáil chéanna i dtréimhsí cuntasaíochta sa todhchaí gan srian.²

Fíor 19.1 Faoiseamh caillteanais trádála



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

¹ Gearrtar cáin ag ráta 12.5% ar bhrabús trádála. Gearrtar cáin ag ráta 25% ar bhrabús neamh-thrádála amhail ioncam ó chíos agus ó infheistíocht. Tá brabús ó ghnóthachain chaipitiúla inmhuirir i leith cáin corparáide ag ráta 33%. Is féidir caillteanais trádála a úsáid ar bhonn luacha in aghaidh ioncam nó gnóthachain neamh-thrádála.

² Forchuireadh srian ó 2010 go 2014 ar úsáid chaillteanais trádála a thabhairt at aghaidh ó thréimhsí cuntasaíochta roimhe sin ag institiúidí airgeadais atá ag glacadh páirt i NAMA.

- 19.2** Ina theannta sin, is féidir le cuideachta a cáin iníoctha a laghdú ach liúntais chaipitiúla a éileamh ar chaiteachas caipitiúil a thabhaíonn sí ar chineálacha áirithe sócmhainní gnó agus áitribh lena n-áirítear gléasra agus innealra, etc. De ghnáth rómhtar liúntais chaipitiúla de réir méid chothroim ar ghlan-chostas na sócmhainne nó áitribh ghnó. Is féidir liúntais chaipitiúla nach n-úsáidtear sa bhliain a thabhairt ar aghaidh mar chaillteanais trádála go dtí an bhliain dar gcionn.


- 19.3** San imscrúdú seo, déantar athbhreithniú ar an méid seo a leanas

- treochtaí le déanaí i gcaillteanais cánach corparáide
- treochtaí san úsáid a bhaineann na cuideachtaí leis na caillteanais is mó as caillteanais cánach corparáide
- mar a úsáideann na Coimisinéirí Ioncain sonraí atá ar fáil ar chaillteanais cánach corparáide le haghaidh pleanála agus réamhaisnéise.

Caillteanais cánach corparáide ar féidir iad a fhritháireamh

- 19.4** In 2016, bhí €231 billiún de chaillteanais agus de liúntais chaipitiúla nár úsáideadh ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh brabús (féach Fíor 19.2). Seo i gcomparáid le 2006 nuair bhí €9 billiún measta ar fáil. Leis an méid sin a chur i gcomhthéacs, is é €29 billiún d'fháltais cánach corparáide laghdaithe féideartha sa todhchaí coibhéis na caillteanais cánach corparáide €231 billiún atá ar fáil in 2016.¹ In 2016, ba é €48 billiún na glanfháltais chánach iomlána.
- 19.5** Thosaigh na Coimisinéirí ag gabháil faisnéis dhíreach ar luach na gcaillteanas carntha ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh brabús sa todhchaí in 2011. Do na blianta roimh 2011, ríomh na Coimisinéirí loncaim méid na gcaillteanas ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta sa todhchaí ach nár úsáideadh ag baint úsáid as faisnéis agus meastacháin ar leibhéal na gcaillteanas a úsáideadh i ndáil le faoiseamh grúpa.
- 19.6** Léiríú ar an gcúlú eacnamaíoch ba ea an méadú suntasach ar chaillteanais a tugadh ar aghaidh idir 2008 agus 2011, agus an méadú leanúnach gach bliain dar lean suas go 2015, le laghdú imeallach in 2016. Deir na Coimisinéirí loncaim gur le cuideachtaí a bhí ag éileamh caillteanas ar aghaidh ar feadh cúig bliana nó níos mó iad 90% de na caillteanais ar aghaidh in 2016.² Faoin reachtaíocht reatha, níl aon ord tosaíochta úsáide forordaithe do na comhpháirteanna éagsúla den chaillteanas trádála.³ Ní féidir caillteanais a thugtar ar aghaidh ó roinnt tréimhsí éagsúla a idirdhealú óna chéile.

Fíor 19.2 Caillteanais trádála ar fáil 2006 go 2016^a



1 Dá n-eisiafaí cuideachtaí i leachtú, figiúr €24 billiún a bheadh ann.

2 An analysis of 2016 corporation tax returns and 2017 payments, na Coimisinéirí loncaim, Aibreán 2018.

3 An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, alt 396 (1).

Foinse: Na Coimisinéirí loncaim


Nóta: a Measann na Coimisinéirí loncaim go mbaineann thart ar €40 billiún de chaillteanais a tugadh ar aghaidh in 2016 le cuideachtaí a bhí i leachtú nó nár dhócha go mbeidís na caillteanais sin a úsáid choíche.

- 19.7** Ní aithníonn córais na gCoimisinéirí liúntais chaipitiúla a tugadh ar aghaidh nár úsáideadh go leithleach ó chaillteanais a tugadh ar aghaidh. Deir na Coimisinéirí loncaim nach bhfuil aon bhonn sa dlí cánach le hidirdhealú idir an chuid sin de chaillteanas trádála is inchurtha i leith liúntais chaipitiúla agus an chuid nach bhfuil; chun críocha cánachais caitear leis mar chaillteanas trádála ilchodach amháin.
- 19.8** Tarraingíodh aird i dtuarascáil a d'fhoilsigh an Coiste um Chuntais Phoiblí le déanaí ar an easpa mionsonraí i sonraí na gCoimisinéirí¹. Tá sé molta ag an gCoiste go gcuirfeadh na Coimisinéirí loncaim nósanna imeachta i bhfeidhm chun anailís a dhéanamh ar chaillteanais a thugtar ar aghaidh d'fhonn iadsan a bhaineann le caillteanais trádála agus iadsan a bhaineann le liúntais chaipitil nár úsáideadh a aithint.

Caillteanais cánach corparáide a úsáideadh

- 19.9** Tá méid na gcaillteanas a tugadh ar aghaidh agus méid na gcaillteanais bliana reatha a úsáideadh gach bliain ag cuideachtaí leagtha amach i bhFíor 19.3.
- 19.10** Déantar foráil sa reachtaíocht nach foláir caillteanais trádála ar aghaidh a úsáid in aghaidh na chéad bhrabús atá ar fáil ón trádáil chéanna. Ní fhorordaítear áfach cén t-ord ina gcaithfidh an cáiníocóir caillteanais ón mbliain roimhe a úsáid. Dá bharr sin, níl aon anailís ar chaillteanais ar aghaidh de réir bhliain a dtabhaithe.

Fíor 19.3 Treochtaí i gcaillteanais trádála iomlána a úsáideadh 2010 go 2016^{a, b}



Foinse: Na Coimisinéirí loncaim

- Nótaí:
- a Ní féidir leis na Coimisinéirí loncaim faisnéis a sholáthar ar mhéideanna a úsáideadh roimh 2010.
 - b Eisiann úsáid as caillteanais trí fhaoiseamh grúpa agus bhonn luacha. Ciallaíonn bonn luacha gur féidir caillteanais trádála a fhritháireamh in aghaidh ioncam neamh-thrádála, gnóthachain imhuirir san áireamh.

1 Examination of matters in relation to receipts from corporation tax, an Coiste um Chuntais Phoiblí, Meitheamh 2018.

Anailís earnála

- 19.11** In 2016, bhí suim iomlán de €296.3 billiún ar fáil lena fritháireamh in aghaidh brabúis (2015: €285.2 billiún). Cuimsíodh ansin
- caillteanais a tugadh ar aghaidh de €219.6 billiún
 - caillteanais bliana reatha de €11.7 billiún
 - liúntais chaipitiúla bliana reatha ar fiú €65 billiún.
- 19.12** Tá na caillteanais agus na liúntais chaipitiúla a bhí ar fáil, a úsáideadh agus nár úsáideadh in 2016 de réir earnála leagtha amach i Fíor 19.4.
- 19.13** Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go dtugann fianaise ó bhlianta beaga anuas le fios go an úsáid as liúntais chaipitiúla níos tapúla ná an úsáid as caillteanais ar aghaidh, agus dá réir sin go bhféadfadh a n-áireamh anseo meastachán faoi bhun a thabhairt ar an líon blianta atá fágtha le haghaidh caillteanas. Toisc nach n-aithnítear go leithleach liúntais chaipitil nach n-úsáidtear, ní féidir liúntais chaipitil nach n-úsáidtear a bhaint amach.

Fíor 19.4 Meastachán ar chaillteanais agus liúntais chaipitiúla a bhí ar fáil, a úsáideadh agus nár úsáideadh ag deireadh bliana 2016

Earnáil	Caillteanais agus liúntais chaipitiúla ar fáil 2016 ^a	Úsáidte in 2016 ^b		Neamhúsáidte ag deireadh 2016	Líon blianta fágtha ^c	Líon cuideachtaí
		€bn	€bn	%		
Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais	117.8	9.2	8%	108.6	11.8	2,844
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	59.1	17.9	30%	41.2	2.3	4,357
Déantúsaíocht	43.6	35.3	81%	8.3	0.24	4,432
Faisnéis agus cumarsáid	17.6	5.7	32%	11.9	2.1	5,101
Tógáil	13.2	0.7	5%	12.5	17.9	9,778
Trádáil mórdhíola agus miondíola	10.0	1.9	19%	8.1	4.3	10,653
Iompar agus stóráil	9.8	1.2	12%	8.6	7.2	2,006
Eile	25.2	4.3	17%	20.9	4.9	21,142
Iomlán	296.3	76.2	26%	220.1		60,313


Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Measann na Coimisinéirí Ioncaim go mbaineann thart ar €40 billiún de chaillteanais a tugadh ar aghaidh in 2016 le cuideachtaí a bhí i leachtú nó nár dhócha go mbeidís ábalta na caillteanais sin a úsáid choíche.
 - b Eisiann úsáid as caillteanais trí fhaoiseamh grúpa agus bhonn luacha.
 - c Meastachán bunaithe ar an mbonn tuisceana nach dtabhófar aon chaillteanais nua, go bhfanfaidh na rátaí úsáide le haghaidh caillteanais trádála agus na caillteanais ann cheana mar atá agus n-úsáidfear iad ag an ráta céanna is a úsáideadh in 2016.

Líon cuideachtaí ag iompar caillteanas

- 19.14** Bhí 60,000 cuideachta le caillteanais ar fáil agus 26,000 cuideachta a d'úsáid caillteanais cánach corparáide ina a dtuaisceáin chánach do 2016. Fíor 19.5 leagtar amach comhchruinniú na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh in 2016. Breis is a leath (56%) de na caillteanais €220 billiún a tugadh ar aghaidh ní raibh siad ar fáil ach do 26 cuideachta, meán de thart ar €4.7 billiún. I gcomparáid leis sin, bhí caillteanais €5 billiún ar fáil ag beagán sa bhreis ar 48,000 cuideachta, meán thart ar €104,000.

Fíor 19.5 Díl na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh, 2016^a



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cuideachtaí rangaithe de réir luach na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh.


Anailís ar chuideachtaí le leibhéal ard caillteanas cánach corparáide

- 19.15** Tuairiscíodh cheana gur le líon cuibheasach beag cáinócóirí cion mór den €205 billiún de chaillteanais ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh cáin chorparáide in 2011 - b'fhiú €116 billiún nó 57% d'iomlán 2011 24 chás.¹ Seo i gcomparáid le €155 billiún nó 52% in 2016 (féach Fíor 19.6).

¹ Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012, Caibidil 26.

Fíor 19.6 Caillteanais agus liúntais chaipitiúla ar fáil lena bhfritháireamh, 2011 agus 2016

Ar fáil le fritháireamh in 2011, €205bn Ar fáil le fritháireamh in 2016, €296bn



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

19.16 Mar chuid den scrúdú seo, chuireamar na 24 chuideachta i gcomparáid leis na caillteanais is mó in 2011 leosan in 2016.

19.17 Tá 17 de na cuideachtaí leis na caillteanais ab airde in 2011 fós sa 24 is airde in 2016, (bhí dhá cheann díobh cumaiscthe faoin tráth sin). De na seacht gcuideachta nach bhfuil fós sa 24 is airde in 2016, tá dhá cheann díobh brabúsach gan aon chaillteanais fágtha, tá dhá cheann brabúsach ach fós ag úsáid caillteanais, níor thuairiscigh dhá chuideachta toradh nialasach agus ní raibh brabúis trádála ag ceann amháin.

19.18 Ní raibh ocht gcuideachta leis na caillteanais is airde in 2016 ar liosta 2011. Cé nach bhfuil cuid de na cuideachtaí seo ag giniúint caillteanais trádála, ciallaíonn leibhéal a liúntas caipitiúil ar fáil in aghaidh brabúis go bhfuil siad sa 24 chuideachta is airde a úsáideann faoiseamh caillteanais agus liúntais chaipitiúla.


Pleanáil agus réamhaisnéis

19.19 Tá buntábhacht ag baint leis an ioncam ó cháin a réamhaisnéisiú go cruinn ó thaobh buiséadú eanála poiblí de. Tá an Roinn Airgeadais freagrach as réamhaisnéis chánach a ríomh agus a fhoilsiú gach bliain, rud a dhéantar le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.¹ Is deacair an rud é fáil ó cháin chorparáide a réamhaisnéisiú. Tá sé níos deacra fós iad a réamhaisnéisiú i gcás gheilleagar na hÉireann toisc go dtagann roinnt mhaith de na fáil ó líon beag cáiníocóirí agus go mbraitear ar fhiontair ilnáisiúnta. Le haghaidh 2016, b'fhiú €2 billiún an laghdú ar fháltais chánach don Státchiste a d'éirigh as caillteanais cánach corparáide a úsáideadh. D'fhéadfadh costas €29 billiún a bheith leis an gcáin ligthe thar ceal de bharr caillteanais chanaíoch. Dá bhrí sin, is gné fhíorthábhachtach den réamhaisnéisniú é an úsáid a bhainfear as caillteanais sa todhchaí.

¹ Úsáideann an Roinn Airgeadais an t-ollbharrachas oibriúcháin (ó na Cuntais Náisiúnta) chomh maith le faisnéis a thagann ó na Coimisinéirí Ioncaim chun fáil ó cháin chorparáide a réamhaisnéisiú.

- 19.20** Ní dhéantar caillteanais cánach corparáide a réamhaisnéisiú go leithleach. Deir na Coimisinéirí loncaim go bhfuil meastacháin do na blianta amach anseo bunaithe ar fháltais na mblianta roimhe sin ar bhonn glanluacha, leis na caillteanais mar dhlúthchuid den bhonn cánach le haghaidh cáin corparáide. Dá bhrí sin, níl siad den tuairim gur gá iad a réamhaisnéisiú go leithleach. Dá dtabhófaí caillteanais mhóra nua sa bhonn cánach, ceapann na Coimisinéirí loncaim go ngabfaidh siad an méid ar an ngnáthbhealach agus na meastacháin a choigeartú dá réir. Tá leagtha amach i bhFíor 19.7 réamhaisnéisí cánach corparáide i gcomparáid leis na glanfháltais don tréimhse 2010 go 2017. Is léir éagsúlachtaí suntasacha le linn na tréimhse seo.

Fíor 19.7 Fáltais ón gcáin corparáide i gcomparáid le réamhaisnéisí, 2010 go 2017^a



Foinse: Na Coimisinéirí loncaim agus an Roinn Airgeadais

Nóta: a Comparáid idir glanfháltais cánach corparáide a taifeadadh, nuair a fuair na Coimisinéirí loncaim iad, ar chuntais ar shonraí cánach ón Roinn Airgeadais bunaithe ar fháltais i gcuntas an státchiste.

- 19.21** Is é dearcadh na gCoimisinéirí gurb é réamhaisnéisiú na bhfáltais cánach ar bhonn glanfháltais (ionas go gcuirtear tionchar caillteanas san áireamh) fós an cur chuige is oiriúnaí. Measann siad in ainneoin réamhaisnéisiú cánach corparáide a bheith dúshlánach le blianta beaga anuas, nach bhfuil i méaduithe ar chaillteanais agus liúntais chaipitiúla ach ceann amháin de mhórán i fachtóirí a imríonn tionchar ar an bpróiseas seo.

Monatóireacht

- 19.22** I dtuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta tugtar le fios go raibh oibleagáidí speisialta maidir le caillteanais a thuairisciú, rialacha nochta éigeantacha, meicníochtaí réamhshocruithe agus clár comhlíontachta comhoibritheach a an-úsáideach maidir le scéimeanna ionsaitheacha pleanála cánach um chaillteanais.¹ Tá réimeas nochta éigeantaigh i bhfeidhm ag na Coimisinéirí loncaim do gach cáinócóir agus clár comhlíontachta comhoibritheach i bhfeidhm do ghnóthais mhóra.

¹ An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, *Corporate Loss Utilisation through Aggressive Tax Planning*, 2011.

- 19.23** Déanann cásbhainisteoirí i Rannóg na gCásanna Móra de chuid na gCoimisinéirí monatóireacht ar chuideachtaí a bhfuil caillteanais mhóra acu. Aithnítear gurb ann do chaillteanais trí thuairisceáin chánach agus doiciméid tacaíochta a scrúdú. Déantar na doiciméid seo a mheas nuair a bhíonn anailís á déanamh ar riosca. Uaireanta is táscaire iad caillteanais leanúnacha ar riosca praghsáil aistrithe a bheith ann. Déantar caillteanais cánach corparáide a mheas, i measc imthosca eile, nuair a bhíonn cásbhainisteoirí ag déanamh measúnú ar riosca cánach an cháis. D'fhéadfadh an bealach ina bhfuil caillteanais á n-úsáid tionchar a imirt freisin ar phróifíl riosca na cuideachta.

Conclúidí

- 19.24** Tá méid mór caillteanas carntha ann anois ó 2008 i leith. Is léiriú é an leibhéal reatha de €231 billiún ar laghduithe féideartha ar fháltais chánach sa todhchaí de €29 billiún.
- 19.25** Cé go bhfuil roinnt earnálacha amhail an déantúsaíocht ag úsáid na gcaillteanas seo anois, tá iarmharach mór ann i gcónaí san earnáil airgeadais agus árachais. Bunaithe ar rátaí úsáide 2016, tógfaidh sé ar a laghad 12 bhliain na caillteanais charntha san earnáil seo a ídiú (ag glacadh leis nach mbíonn aon chaillteanais nua).
- 19.26** Tá comhchruinniú an-ard de chuideachtaí a bhfuil caillteanais charntha acu, agus dianseasmhacht mhór ó thaobh cuideachtaí a bhfuil caillteanais charntha mhóra acu.

Liúntais chaipitiúla

- 19.27** Gabhann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí tábhachtacha maidir le caillteanais cánach corparáide sa tuairisceán cánach corparáide. Ní aithnítear go leithleach áfach ó shonraí na gcaillteanas ar aghaidh na caillteanais chaipitiúla ar aghaidh, fiú mura bhfuil sa chaillteanas ar aghaidh ach liúntais chaipitiúla. Tá difríochtaí féideartha aitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim i ráta úsáide na liúntas caipitiúil agus caillteanas trádála, d'fhéadfadh faisnéis dá leithéid a bheith úsáideach le haghaidh réamhaisnéisiú cánach.

Réamhaisnéisiú

- 19.28** Déanann an Roinn Airgeadais, le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim, réamhaisnéisiú ar cháin chorparáide ar bhonn glanluach, gabhann ráta cuibheasach ard earráide leis na torthaí. Ní dhéantar caillteanais cánach corparáide a réamhaisnéisiú go leithleach. Deir na Coimisinéirí Ioncaim go dtreoraíonn tionchar poitéinsiúil na caillteanas cánach corparáide an meastachán ar fháltais cánach corparáide. D'fhéadfadh réamhaisnéisiú ar fháltais iomlána agus úsáid as caillteanais ar aghaidh féidearthachtaí a sholáthar chun cruinneas réamhaisnéise a fheabhsú.